

Ar an gCoigríoch

Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce

Aisling Ní Dhonnchadha
agus Máirín Nic Eoin
a roghnaigh



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2008
© Na húinéirí cóipchirt
© Cló Iar-Chonnachta an t-eagrán seo 2008

ISBN 978-1-905560-25-7

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail
Dearadh clúdaigh: Creative Laundry



Bord na
Leabhar
Gaeilge



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnachta buíoch de Bhord na Leabhar Gaeilge
(Foras na Gaeilge) as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Future Print, Baile Átha Cliath 13.

*dár muintir a chuaigh
ar an gcoigríoch*

Clár

Réamhrá	9
Aisling Ní Dhonnchadha agus Máirín Nic Eoin	
An Imirce Éireannach: Léargas na Staire	21
Pádraig Ó Treabhair	
1 Tús Aistir	43
<i>An cinneadh á dhéanamh agus ag ullmhú chun imeachta</i>	
2 Na Seolta á gCrochadh	122
<i>An turas agus sroichint ceann scríbe</i>	
3 Obair agus Luain	177
<i>Cineálacha agus cúinsí fostaíochta</i>	
4 Comhluadar agus Caitheamh Aimsire	226
<i>Saol sóisialta an imirceora: deiseanna agus dúshlán</i>	
5 Margadh na Saoire	294
<i>An imirce shéasúrach agus imirce na bpáistí</i>	
6 Imirce nó Deoraíocht?	363
<i>Meon an phobail i dtaobh na himirce</i>	
Foinsí agus Ábhar Tagartha	443

Réamhrá

Is téama lárnach i nualitriocht na Gaeilge i gcoitinne é téama na himirce. Tá léargas ar an imirce le fáil i ndírbheathaisnéisí agus in úrscéalta pobail na Gaeltachta go háirithe, agus is téama tábhachtach í an imirce in iliomad drámaí, gearrscéalta agus dánta ó údair Ghaeilge éagsúla ó aimsir na hathbheochana i leith.¹ Léargas ón taobh istigh ar thaithí eacnamaíoch agus shóisialta pobal ar an imeall is ea a fhaighimid sna cuntais Ghaeltachta go hiondúil. Réigiúin faoi mhíbhuntáiste ba ea formhór na gceantar a áiríodh mar cheantair Ghaeltachta ag tús an fichiú haois agus bhí an imirce – an imirce shéasúrach, an imirce chun na cathrach agus an eisimirce – mar dhlúthchuid de shaoltaithí agus de shaoldearcadh an phobail sna ceantair sin. Feicimid léiriú san ábhar atá foilsithe sa leabhar seo ar an gcaoi ar glacadh leis an imirce sin mar ghnáthchuid den saol: páistí agus daoine óga ag glacadh leis gur rud nádúrtha é daoine gaoil leo a bheith ag dul ar imirce, fir agus mná óga ag súil lena ndeis féin chun imeachta, tuismitheoirí ag glacadh le himirce a gclainne mar chuid dhosheachanta den saol, fiú dá mba choscrach féin an scaradh sin. Cuirtear tús leis an mbailiúchán seo le gearrscéal iomráiteach Mháirtín Uí Chadhain ‘An Bhliain 1912’, scéal cumhachtach a léiríonn an chaoi a bhfuil máthair Ghaeltachta agus an iníon is sine aici gafa i ndrámá na himirce. Is í an imirce – agus dearcadh na beirte ar an imirce – a mhúnlaíonn an gaol mothálach atá á scrúdú sa scéal, agus feictear sa ghaol sin raon iomlán na mothúchán a spreagann

ceist na himirce, ó dhólás domhaolaithe an tuismitheora go dtí dóchas sceitimíneach an té a imíonn. Léiríonn an t-ábhar atá bailithe le chéile sa díolaim seo nach leor aon insint amháin ar scéal na himirce Éireannaí mar go mbíonn na gnéithe éagsúla den scéal le cur san áireamh i gcónaí: an imirce mar dheis is mar dhúshlán pearsanta, an imirce mar mhodh éalaithe ón gcruatan is ón ngannchuid, an imirce mar fhuascailt ó chuingeacha sóisialta agus morálta, ó laincísí pobail is teaghlaigh. Is sna hinsintí pearsanta a chuireann an litríocht ar fáil is fearr go minic a thuigtear na castachtaí sóisialta agus síceolaíocha, chomh maith leis na ceisteanna eacnamaíocha agus polaitiúla, a bhíonn taobh thiar de scéal na himirce mar scéal náisiúnta pobail.

Gné thábhachtach de léiriú na himirce i nuascríbhneoireacht na Gaeilge ba ea an chaoi a n-úsáidte an saothar ficseanúil d'aon oghaim uaireanta le teachtaireachtaí frithimirce a chur abhaile. Is iomaí saothar teagascach den chineál seo a cumadh sa Ghaeilge, ar nós an úrscéilín *An Cneamhaire* (1903) le hÚna Ní Fhaircheallaigh nó an dráma *An Deoraidhe: Dráma i n-aghaidh Imtheachda thar Sáile* (1906) le Lorcán Ua Tuathail, ceann de na drámaí Gaeilge is mó a léiríodh i mblianta tosaigh na hathbheochana, a bhfuil sliocht as i gcló anseo. Meon láidir náisiúnaíoch a bhí taobh thiar den chineál seo léirithe ag tús an fichiú haois, chomh maith leis an dearcadh gur bhaol do mhoráltacht an Éireannaigh óig Chaitlicigh é nó í a bheith ar strae i dtír nó i gcathair choimhthíoch. Ní cathair mar a tuairisc a bhí i gceann scríbe an imirceora, de réir an léirithe a fhaightear sa litríocht frithimirce, agus is minic a léirítear gur ar bhealach a (h)aimhleasa – go háirithe ó thaobh na moráltachta – a chuaigh an t-imirceoir agus gur díol trua agus náire é nó í dá bharr sin. ‘Fíor-sgéal a bhaineas leis an imirce’ an fothéideal a cuireadh leis an ngearrscéal cáiliúil ‘Nóra Mharcais Bhig’ le Pádraic Ó Conaire, nuair a foilsíodh den chéad uair in *An Claidheamh Soluis* i 1907 é. D’fhéadfaí úrscéal Uí Chonaire, *Deoraíocht* (1910), a léamh mar shaothar den chineál seo freisin sa mhéid go léiríonn sé drochbhail an deoraí Éireannaigh i gcathair Londan ag tús an fichiú haois. Is saothar ar leith é an t-úrscéal seo, áfach, a fheidhmíonn ar leibhéal éagsúla mar go dtarraingíonn sé ar thaithí saoil an údair agus ar scéal na nÉireannach i Londain sa tréimhse sin, ach chomh maith leis sin

go dtugann sé léargas ar phróiseas síceolaíoch an choimhthithe nach bhfuil a shárú le fáil i litríocht na tréimhse sin. Téama de chuid an úrscéil seo – agus téama a ritheann trí go leor den litríocht faoin imirce Éireannach – is ea an gaol idir an imirce agus cúrsaí talún agus deiseanna cleamhnais sa bhaile.

Ní hí an eimirce amháin atá i gceist i litríocht na himirce sa Ghaeilge. Tá léargas ar leith ar fáil i nuascríbhneoireacht na Gaeilge ar an dláithriú inmheánach a bhain leis an imirce go dtí na cathracha, le bánú na tuaithe, leis an aistriú soir, agus le tréigean na n-oileán Gaeltachta – cineálacha imirce a bhailigh dlús de réir mar a chuaigh próisis an nua-aoisithe i bhfeidhm ar shaol na tuaithe agus ar shaol na tíre i gcoitinne. Tugann saothar scríbhneoirí mar Mháirtín Ó Direáin agus Phádraig Ua Maoileoin le fios nár lú cumha an dreama a bhí ar shiúl óna ndúchas i mBaile Átha Cliath ná cumha na muintire a chuaigh go Meiriceá nó go Sasana. Is é an stoitechas – bunaithe ar a thaithí imirce féin – mórthéama fhilíocht Uí Dhireáin, mar shampla, ach faightear léargas eile ar an aistriú soir i saothair a bhaineann le hathlonnú pobail, ar nós athlonnú mhuintir Chonamara go Ráth Cairn i lár na dtríochaidí. Teaghlaiigh iomlána a d'aistrigh an uair sin agus b'éigean dóibh na seanghabháiltais a ghéilleadh ionas go bhféadfaí iad a roinnt ar a seanchomharsana thiar. Ní hamháin go raibh a mbaile dúchais á fhágáil ina ndiaidh acu, más ea, ach bhí deireadh go deo á chur leis an seanbhaile, rud a chuir go mór le deacracht an athlonnaithe, go háirithe do na seandaoine ina measc.² Tá ceist na teanga féin lárnach sna cuntais seo agus scrúdaíonn saothair áirithe dúshláin agus trámaí an athchultúraithe agus an t-imirceoir tuaithe agus Gaeltachta ag socrú síos i dtimpeallacht choimhthíoch agus i measc pobail Éireannaigh nach raibh chomh tuisceanach sin i gcónaí dá c(h)ás.

Is mar chinniúint thragóideach a shamhlaítear an imirce i gcuntais liteartha áirithe. Ba gheall le bás é an imirce go Meiriceá i mblianta deireanacha an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois, mar shampla, nuair ba bheag imirceoir de chuid na cosmhuintire a d'fhill ar an mbaile. Faightear léirithe pearsanta ar an imirce sin i gcuntais ó údair Ghaeltachta mar Pheig Sayers, Mhuiris Ó Súilleabháin agus Shéamus Ó Grianna, chomh maith le cur síos ar na

nósanna agus na searmanais a bhain le comóradh an imirceora chun bealaigh. Déantar léamh polaitiúil ar an imirce chéanna i dtéacsanna eile, áfach, go háirithe i saothar scríbhneoirí a tháinig in inmhe faoi réimeas an stáit neamhspleách. Cé is moite de Dhónall Mac Amhlaigh, is iad na scríbhneoirí Gaeltachta Seosamh Mac Grianna agus Máirtín Ó Cadhain is géire ina mbreithiúnas ar an rialtas dúchais nár éirigh leis pobal na Gaeltachta a chosaint ó éigeantacht na himirce sa tréimhse iarchoilíneach. Tá sé suimiúil freisin go dtagann léiriú na litríochta le fianaise na staire a dhearbhaíonn nárbh ionann meon na mban agus meon na bhfear i dtaobh na himirce. Tagann an dearcadh dearfach a léiríonn mná i dtéacsanna áirithe leis an léargas atá curtha ar fáil i réamhaiste staire Phádraig Uí Threabhair sa leabhar seo.³

Ba mhodh éalaithe agus fuascailte ó laincisí baile agus pobail é an imirce do mhórán ban Éireannach. Táthar ag cuimhneamh anseo ar mhná nár theastaigh uathu go ndéanfaí cleamhnas dóibh nó nár theastaigh uathu a bheith ceangailte le feirm a muintire agus gan aon luach saothair á fháil acu. Is léir ó dhírbeathaisnéis Pheig Sayers gur bhreá léi, agus í ina bean óg, imeacht go Meiriceá ach an deis a fháil chuige. Tuigtear ó shaothair scríbhneoirí an Bhlascaoid gur le fonn agus díocas a lean na mná óga a chéile sall go Springfield Massachusetts. Samhlaíodh do charachtair mhná scéalta Shéamuis Uí Ghrianna faoi mar a samhlaíodh do Bhríde Bhán, carachtar lárnach úrscéal Phádraig Uí Mhaoileoin, nach raibh aon todhcháí fóna i ndán dóibh ina gceantair dhúchais Ghaeltachta ach go mbeadh idir shaoirse, chearta agus deiseanna gan áireamh acu ach dul ar imirce. Sa scéal ‘An Bhliain 1912’ chítear go bhfuil Máirín ar bís le saol mealltach Mheiriceá a bhlaiseadh, saol ar chuala sí iomrá air ó bhí sí ina leanbh. In ainneoin cumha a bheith ar an mbean óg agus an baile á fhágáil aici, tuigeann sí go mbeidh sí i measc a cairde gaoil i South Boston agus thairis sin nach fada go mbeidh an t-ógfhear a bhfuil sí mór leis á leanúint go Meiriceá. Seans maith go bpósfar thall iad. Chítear go mbeidh deirfiúracha Mháirín ag faire amach dá bpaisinéireacht, leis. Scéal cumasach é seo ina ndéantar gné uilíoch imirce na linne sin a thabhairt chun léargais sa sampla aonair.

Tuigimid gurbh é an neamhspleáchas pearsanta agus eacnamaíoch

an rud ba tharraingtí ar fad i dtuairim na mban a bhí ag cuimhneamh ar dhul ar imirce. Tuigeadh dóibh go gcaithfidís imeacht dá mb'áil leo stádas an duine fhásta a bheith acu agus é de cheart acu airgead a shaothrú, saol sóisialta le dealramh a bheith acu agus an ceart agus an tsaoirse acu a rogha fear a phósadh. Tagann na cúrsaí seo chun tosaigh i bhficsean Dhónaill Mhic Amhlaigh, mar a bhfeictear mná Éireannacha ag tabhairt aghaidhe ar cheisteanna féiniúlachta, dílseachta agus morálta i gcomhthéacs roghanna atá déanta nó le déanamh acu. I gcásanna áirithe cuirtear tréimhse na himirce in iúl mar eispéireas dearfach, tairbheach – in ainneoin an uaignis – eispéireas a spreagann forás na féintuisceana agus na féinmhuiníne.

Is é mórluach na litríochta Gaeilge mar fhoinsé léargais ar an imirce Éireannach ná go soláthraíonn sí fianaise luachmhar phearsanta agus áitiúil ar an mórscéal náisiúnta. I gcomhthéacs litríocht na himirce go Meiriceá, is díol suntais ar leith iad na tuairiscí éagsúla a thugann leithéidí Mhicí Mhic Gabhann, Neilí Uí Bheaglaoich agus Thomáis Uí Chinnéide ar an turas báid ó Éirinn go Meiriceá agus ar na gnéithe timpeallachta a chuaigh i bhfeidhm orthu ar shroichint na tíre thall dóibh. Maidir le cuntas Mhicí Mhic Gabhann ar an tslí ar bhain sé féin agus roinnt comrádaithe leis Klondike an óir amach sa bhliain 1898, níl a shárú le fáil i nGaeilge ná i mBéarla. Stíl spleodrach, fhórsúil a stiúrann an cur síos a dhéantar ar eachtraí a tharla, ar dhaoine a casadh orthu, ar áiteanna a chonacthas agus ar smaointe agus chuimhní a dúisíodh in intinn Mhic Gabhann féin. Mórscéal eachtraíochta agus taiscéalaíochta a nochtar san insint mar ar léir diongbháilteacht, dásacht agus spiorad dochloíte na gConallach seo agus iad ar thóir an óir. Maidir leis an imirce go Sasana i lár an fichiú haois, ní annamh cur síos á dhéanamh ar an turas ar an mbád bán go Holyhead agus ar thraenacha agus stáisiúin a samhlaítear doicheall agus coimhthíos leo. Tráchtar i roinnt saothar ar aduaine agus ghleithearán stáisiún Euston, mar a gcaitheann mórán imirceoirí Éireannacha aghaidh a thabhairt ar an bhfirinne shearbh, is é sin, gurb é saol anacair an choimhthígh, an díbeartaigh nó an fhánaí atá rompu feasta.

Má thógtar cás an imirceora Éireannaigh i Sasana san fhichiú haois, feicfead gur cuid dhílis de litríocht na himirce sin an cur síos ar chúrsaí

lóistín. Ó aimsir *Deoraíocht* Phádraic Uí Chonaire anuas go dtí ré *An Traimp* le Diarmaid Ó Gráinne, is iomaí pictiúr a dheartar de thithe móra lóistín, d'árasáin bhrocacha nó de sheomraí ar geall le cillíní iad i gceantair faoi leith i gcathracha móra Shasana. Arís agus arís eile díritear aird an léitheora ar ghruaim agus ar atmaisféar smúitiúil na gceantar seo atá i bhfrithshuí iomlán le tírdhreach tuaithe bhaile dúchais fhormhór na n-eisimirceoirí. Gné é seo a aibhsíonn eispéreas na deoraíochta, ar ndóigh, mar gur géire an solas a chaitear ar anbhúain an dláithrigh a mhaireann ó sheachtain go seachtain nó ó mhí go chéile gan stiúir chinnte ar a shaol, gan ancaire baile le maíomh aige. Gheofar tuairisc, leis, i saothair ó thréimhsí éagsúla, ar Éireannaigh atá gan dídean, atá ró-imithe le dul i mbun oibre agus a bhfuil teagmháil cailte lena muintir sa bhaile acu. Iad cloíte, b'fhéidir, ag ualach na neamhshuime.

Maidir leis na léargais a sholáthraíonn litríocht na Gaeilge ar chúrsaí oibre thar lear, is ábhar spéise iad na hamhráin deoraíochta, a chum fir de bhunadh Chorca Dhuibhne, a thugtar i dtosach Chaibidil a Trí. In ainneoin an mhaoithneachais a mbeifí ag súil leis sa seánra sin, tugann said spléachadh dúinn ar a dhéine agus a mhíshláintiúla a bhí saol an mhianadóra Éireannaigh i mButte, Montana i dtreo dheireadh an naoú haois déag. Ar ndóigh, is geall le doiciméad suaithinseach sóisialta é an cur síos a dhéanann Míic Mac Gabhann ar dhianobair na mianadóireachta i Montana agus i Klondike. Tugann Neilí Uí Bheaglaoich éachtaintí suimiúla dúinn ar shaol an chailín aimsire agus an fheighlí linbh i Chicago i bhfichidí agus i dtríochaidí an fichiú haois. Gheofar tuairiscí le Tomás Ó Cinnéide agus Maidhc Dainín Ó Sé ar a bheith ag obair i monarchana i Chicago agus i San Francisco, agus tráchtann Domhnall Ó Síthigh ar an tréimhse a chaith sé ag obair i monarcha Ford i Dagenham, Essex i gcaogaidí déanacha na haoise seo caite mar a raibh an-chuid Corcaíoch ag obair san am.

Is iomaí cur síos a dhéantar ar an sclábhaí Éireannach ag náibhíocht i Sasana sa tréimhse iarchogaidh. Gan amhras, ba é Dónall Mac Amhlaigh a thug an pictiúr ba ghrinne, ba ghéarchúisí agus ba chuimsithí de shaol agus de mheon an oibrí Éireannaigh i Sasana sna caogaidí, nuair a bhí fuilleach oibre ar fáil d'fhear na

sluaiste is na piocóide agus nuair a bhí géarghá le mná óga Éireannacha a rachadh le banaltracht agus le hobair mhonarchan.⁴ Má b'fhollas tréithe an scríbhneora chruthaithigh i stíl *Dialann Deoraí*, agus, ar ndóigh, bhí i bhfad níos mó ná tuairisceoireacht lom i gceist sa saothar sin, is cinnte gur bhain Mac Amhlaigh leas as scóip agus féidearthachtaí an tsaothair ficsin le roinnt aincheisteanna faoi chás an imirceora Éireannaigh i Sasana a chíoradh, mar is léir i gcuid den saothar cruthaitheach leis a thugtar sa díolaim seo.

Dála aon ghrúpa eisimirceoirí, bhí tábhacht nach beag ag baint leis an gcaidreamh sóisialta i measc na nÉireannach thar lear. Is léir ón litríocht gur chuid lárnach de shaol sóisialta na nÉireannach i gcathracha Mheiriceá agus Shasana iad na hallaí rince Éireannacha. Is iomaí tagairt a dhéantar do chroíúlacht agus chuideachtúlacht na nÉireannach i gcomhthéacs na rincí agus an cheoil Ghaelaigh, agus ní cheiltear an taobh eile den scéal orainn ach an oiread, is é sin, an ródhúil san ólachán agus sa troid a leanfadh an t-ól go minic. Ionaid shóisialta ar leith a bhí sna tithe tábhairne, ar ndóigh, agus gan dabht ba thearmann a bhí iontu d'oibrithe ar theastaigh uathu éalú ó fhuacht agus ó dhochma an tí lóistín. I gCaibidil a Ceathair anseo thíos, gheofar cuntais bhríomhara ar ghnéithe éagsúla den saol sóisialta úd; ina measc léifear tuairisc Thomáis Uí Chinnéide faoi *hippies* San Francisco sna seascaidí agus tuairisc Risteaird de Paor faoi oíche shóisialta i mBirmingham, áit a dtagraítear do na *teddyboys*, do ranganna Gaeilge agus do scliúchas le linn rince Éireannaigh. Móitíf amháin a ritheann trí roinnt cuntas ar an saol sóisialta is ea an t-idirdhealú de réir aicme agus contae a dhéanann na hÉireannaigh féin agus a gcomhthírigh á bplé acu. Ní cheiltear míghean grúpaí áirithe Éireannach ar a chéile, rud a chuireann le hinchreidteacht an léirithe.

Gné thábhachtach de léiriú seo na litríochta ar thaithí an imirceora is ea an léargas a thugann sí dúinn ar chaidreamh mhuintir na hÉireann le grúpaí eile sóisialta: a ngaol le hóstphobail éagsúla, mar shampla, le fo-aicmí sóisialta agus le himirceoirí ó thíortha eile. Tugann Pádraic Ó Conaire léargas dúinn ar iarmhairtí na himirce iar-Ghorta ina chuntas in *Deoraíocht* ar an ngeiteo Éireannach i Londain ag tús an fichiú haois. 'Éire bheag' a thugann sé ar an gceantar is ar an gcomhlúadar, agus díríonn sé a aird go háirithe ar

an meath a bhí i ndán do chultúr na n-imirceoirí (idir theanga agus nósanna iompair) ina leithéid de shuíomh. Is minic a dhíríonn litríocht na himirce ar na difríochtaí idir an t-imirceoir míshocair agus an dúchasach seanbhunaithe, agus is gné dhílis de chuid an léirithe sin an steiréitíopú a dhéantar ar aicmí agus ar chiníocha ar leith. Tá go leor samplaí den chodarsnacht idir an tÉireannach agus an Sasanach le fáil i saothar scríbhneoirí mar Dhónall Mac Amhlaigh, Phádraic Breathnach agus Dhiarmaid Ó Gráinne. Tagann imirceoirí eile, ar nós dhíláithrigh iarchogaidh oirthear na hEorpa, isteach san insint i gcás shaothar Mhic Amhlaigh, agus léirítear ina úrscéal *Deoraithe* (1986) go bhféadfadh an t-imirceoir mná Éireannach níos mó dáimhe a bheith aici leis an deoraí Liotuánach ná mar atá aici lena comhimirceoirí Éireannacha. Tagann teagmháil na nÉireannach leis an gcine gorm faoi raon an phlé i saothair a bhaineann le Meiriceá, agus is é mórluach an léirithe a fhaightear sna saothair sin nach ndéantar aon ró-iarracht gnéithe an amhrais agus na claontuairime, gnéithe coitianta den teagmháil idir chultúir, a cheilt. De bhrí go dtugtar léargas macánta i saothair áirithe ar an bhfaióis agus an drochamhras a ghineann difríochtaí fisiciúla, bronntar luach breise ar an bhfianaise a sholáthraítear i saothair eile den chomhbhá agus den chomhthuiscint a d'fhéadfadh a bheith ann idir grúpaí eitneacha éagsúla. Díol suime sa chomhthéacs seo is ea fianaise na gcuntas dírbheathaisnéise ó scríbhneoirí Duibhneacha mar Neilí Uí Bheaglaioich, Tomás Ó Cinnéide agus Mhaidhc Dainín ó Sé, áit a bhfaightear cuntais an-oscailte ar mheon na n-údar faoi na suímh shóisialta a casadh orthu.

Cuid ar leith de stair na himirce Éireannaí is ea an imirce shéasúrach ag deireadh an naoú haois déag agus i leath tosaigh an fichiú haois, ábhar a phléitear i gCaibidil a Cúig. Ábhar iontais do léitheoir óg an lae inniu is ea na tuairiscí ar imirce páistí agus daoine óga sna saothair dhírbheathaisnéiseacha seo, mar a mbíonn na húdair ag cur síos ar thréimhse a chaith siad ar fostú ag feirmeoir deisiúil éigin i gceantar a bhí i bhfad óna mbaile dúchais. Tréimhse sé mhí a chaití as baile go minic agus, ar ndóigh, géarghá ag a muintir leis an airgead a shaothraídis. Chítear sna tuairiscí seo, agus is ag trácht ar litríocht Thír Chonaill atáthar go príomha anseo, a óige a bhí páistí nuair a

théidís in aimsir den chéad uair, an tslí a ndéantaí an margadh, na deacrachtaí teanga agus creidimh a bhíodh i gceist, na coinníollacha oibre a bhíodh i bhfeidhm an uair sin nuair nach mbíodh aon trácht ar chearta páistí. Dála thaithí imirce na ndaoine fásta – agus tuigtear gurbh é an bád bán a bheadh daite ag an gcinniúint d’fhormhór na bpáistí sin nuair a d’fhásfaidís suas – tagtar ar na mothúcháin chéanna deoraíochta, mar atá, an cumha i ndiaidh an bhaile agus an teaghligh, an páiste faoi dhaorsmacht an mháistir a d’fhostaigh é/í, drochbhia agus drochlóistín go minic, deacrachtaí teanga agus tuisceana, easpa measa ar theanga agus ar chúlra cultúrtha an pháiste féin. Ba chuid thábhachtach de theacht in inmhe an Chonallaigh óig a chéad turas go hAlbain, cineál imirce séasúraí a bhfuil tuairiscí cuimsitheacha ar fáil air sna foinsí Gaeilge.

Ar cheann de na gnéithe is spéisiúla de scéal na himirce Éireannaí tá dearcadh défhiúsach an phobail sa bhaile i dtaobh na himirce agus i dtaobh a muintire féin a chuaigh ar imirce. Is sna scéalta faoi imirceoirí a d’fhill is mó a fheictear é seo go minic. Ní bhíonn an léiriú sin riamh neodrach. Más rud é an imirce a chlaochlaíonn an duine, ní bhíonn tuiscint i gcónaí ag an bpobal sa bhaile ar nádúr an chlaochlaithe sin. Léirítear drochamhras faoin imirceoir ar éirigh leis, drochmheas ar an duine a bhíonn ag maíomh as a ghaisce agus trua don duine a chlis nó don duine a chaill a shláinte ‘i dtír an allais’. Faightear cuntais i saothair éagsúla litríochta ar imirceoirí atá as áit iar fhilleadh dóibh, ar imirceoirí nach socróidh síos arís go brách in Éirinn, ar dheoraithe Gaeltachta i mBaile Átha Cliath a bhraitheann gur turasóirí anois ina gceantar dúchais féin iad. Níl aon réiteach sásúil ar fhadhbanna an diláithrithe ach cuidíonn na téacsanna seo linn tuiscint níos fearr a bheith againn ar nádúr an athchultúraithe agus ar na deachmaí sóisialta agus cultúrtha a bhí le híoc ag pobal na hÉireann as an dul chun cinn eacnamaíoch a tháinig leis an imirce.

Is fíor go bhfuil athrú tagtha ar scéal na himirce Éireannaí le blianta beaga anuas. Is toradh é seo ar éascaíocht chúrsaí taistil agus ar an mórdhul chun cinn eacnamaíoch atá tarlaithe in Éirinn ó lár na nóchaidí i leith. Tá saol cultúrtha na tíre á mhúnlú anois ag an inimirce (agus an aisimirce) seachas ag an eisimirce, agus tá muintir na hÉireann in ann teacht agus imeacht ar bhealach nach raibh

indéanta riamh roimhe seo i stair na tíre. Is é an toradh atá air sin ar fad, ó thaobh na scríbhneoireachta de, ná go bhfuil litríocht an taistil ag teacht chun cinn in áit litríocht na himirce. Má tá deireadh le tráma na himirce, is éard atá tagtha ina áit ná míshuaimhneas síoraí an taistealaí. Mar a deir Tarlach Mac Con Midhe, agus é ag trácht ar an deoraíocht i ré an idirlín: ‘Cosúil le lucht siúil, b’fhéidir, nílím ar mo shuaimhneas in aon áit amháin, ach ar turas, ar cuairt timpeall.’⁵ Is é an meafar a úsáideann Mac Con Midhe le cur síos a dhéanamh ar an saol idir dhá thír ná meafar an hipirtéacs: ‘Feictear domsa go bhfuil saol an deoraí ag éirí an-chosúil le hipirtéacs. Feicim rud “anseo” i saol amháin a chuireann rud eile “ansiúd” i gcuimhne dom, déanaim “cliceáil” aigne air, agus tá mé ann . . .’⁶ Is dóigh go mbeidh tuiscintí mar sin úsáideach amach anseo má tá daoine le dul i dtáthí ar an ngluaiseacht agus ar an idirchultúrthacht mar ghnéithe dílse den saol comhaimseartha.



Ní minic foinsí Gaeilge á lua ná á meas sa taighde ar an imirce Éireannach agus is annamh a phléitear taithí imirce na bpobal sin arbh í an Ghaeilge a dteanga dhúchais. Féachadh, mar sin, le bailiúchán téacsanna a chur i dtoll a chéile sa díolaim seo a thabharfadh léargas cuimsitheach don léitheoir ar léiriú na litríochta Gaeilge ar an imirce Éireannach agus go háirithe ar imirce lucht Gaeltachta. Roghnaíodh ábhar a bhaineann le tréimhsí agus le réigiúin éagsúla agus a phléann le réimse leathan taithí. Aithneoidh léitheoirí go bhfuil seoda liteartha i measc an ábhair a bhfuil fáil air anseo. Tuigfear freisin gurb é tábhacht shainléargas phobal na Gaeilge a bhronnann luach ar leith ar shaothair áirithe.

Tá an leabhar roinnte ina shé chaibidil, agus gnéithe éagsúla de scéal na himirce, mar a léirítear sa litríocht é, i gceist i ngach caibidil díobh: Caibidil a hAon: Tús Aistir (an cinneadh á dhéanamh agus ag ullmhú chun imeachta); Caibidil a Dó: Na Seolta á gCrochadh (An turas agus sroichint ceann scríbe: timpeallachtaí nua); Caibidil a Trí: Obair agus Luain (Cineálacha agus cúinsí fostaíochta); Caibidil a Ceathair: Comhlúadar is Caitheamh Aimsire (Saol sóisialta an

imirceora: deiseanna agus dúshláin); Caibidil a Cúig: Margadh na Saoire (An imirce shéasúrach agus imirce na bpáistí); Caibidil a Sé: Imirce nó Deoraíocht? (Meon an phobail i dtaobh na himirce). Leantar ord cróineolaíoch agus réigiúnach taobh istigh de gach caibidil (seachas Caibidil a Cúig), ag tosú le téacsanna a bhaineann leis an imirce go Meiriceá (imirce dheireadh an naoú haois déag agus imirce an fichiú haois), agus ag leanúint ar aghaidh ina dhiaidh sin le tagairtí don imirce go Sasana (ag tús, lár agus deireadh an fichiú haois), agus don imirce taobh istigh den tír (athláithriú mhuintir na tuaithe, mhuintir na Gaeltachta, agus phobal na n-oileán agus a n-athlonnú sna cathracha, san oirthear, ar an míntír). Tá súil againn go gcuideoidh an leagan amach téamúil seo le léitheoirí ceangal a dhéanamh idir na hinsintí éagsúla ar bhealach nach mbeadh chomh héasca sin dá mbeadh na saothair á léamh ina gceann agus ina gceann. Tá súil againn freisin, ar ndóigh, go spreagfar léitheoirí le filleadh ar na bunsaothair féin agus cuirtear an t-eolas bibleagrafaíoch a bheidh de dhíth chuige sin ar fáil ar chúl an tsaothair seo. Níor féachadh le caighdeán Gaeilge an lae inniu a bhualadh anuas ar na téacsanna atá i gcló anseo. Taobh amuigh de chorrbotún cló a cheartú os íseal, nó de mhionleasuithe litrithe a chur i bhfeidhm thall is abhus i dtéacsanna ina raibh an focal céanna á litriú ar bhealaí éagsúla, fágadh na sleachta faoi mar a foilsíodh sna bunfhoinsí iad.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Dr Pádraig Ó Treabhair, Uachtarán Choláiste Phádraig, Droim Conrach, as an réamhaiste staire a scríobh don díolaim, leis an Dr Matthew Stout, Roinn na Staire, Coláiste Phádraig, a chóirigh an léarscáil ar lch 28, leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn, Scoil an Léinn Cheiltigh, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, as an tacaíocht a thug sé don tionscnamh ón tús, agus lenár gcomhghleacaithe Roinne sa dá Choláiste as an spreagadh a fuairamar uathu.

— *Aisling Ní Dhonnchadha agus Máirín Nic Eoin*

Nótaí

- 1 Féach Máirín Nic Eoin, *An Litríocht Réigiúnach* (Baile Átha Cliath, An Clóchomhar, 1982), 81–9, 97–105, 115–22, 152–5, 162–7, 170–72, 182–205; idem, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge* (Baile Átha Cliath, Cois Life, 2005), 122–68; Micheál Ó Conghaile, ‘Meon na hImirce’, *Irisleabhar Mhá Nuad* (1987), 260–73; idem, *Conamara agus Árainn 1880–1980: Gnéithe den Stair Shóisialta* (Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta, 1988), 203–93; Aisling Ní Dhonnchadha, *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Gaeilge 1940–1990* (Baile Átha Cliath, An Clóchomhar, 2002), 19–36; Philip O’Leary, *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881–1921* (Pennsylvania, The Pennsylvania State University Press, 1994), 131–54 (go háirithe 148–52), 401–55; idem, *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922–1939* (Dublin, University College Dublin Press, 2004), 123–30, 154–6.
- 2 Féach Micheál Ó Conghaile, ‘An Imirce agus na Teaghlaigh’ in Micheál Ó Conghaile (eag.), *Gaeltacht Ráth Cairn: Léachtaí Comórtha* (Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta, 1986), 51–69.
- 3 Féach freisin Janet A. Nolan, *Ourselves Alone: Women’s Emigration from Ireland 1885–1920* (Kentucky, The University Press of Kentucky, 1989), 23–9; Rosemary Cullen Owens, *A Social History of Women in Ireland 1870–1970* (Dublin, Gill & Macmillan, 2005), 170–73.
- 4 Do phlé ar leith ar théama na himirce i saothar Dhónaill Mhic Amhlaigh, féach Seán Ó Cearnaigh, ‘Údar ar Imirce’, *Comhar* (Nollaig 1987), 34–9; Máirín Nic Eoin, ‘An Scribhneoir agus an Imirce Éigeantach: Scrúdú ar Shaothar Cruthaitheach Dhónaill Mhic Amhlaigh’, *Oghma* 2 (1990), 92–104; idem, ‘Polaitíocht na nOibrithe agus na nImirceoirí: Saothar Iriseoireachta Dhónaill Mhic Amhlaigh’, *Scáthán* (1991), 20–5; Séamus Ó Fuaráin, *Saothar Dhónaill Mhic Amhlaigh: Iriseoireacht, Cumadóireacht, Tráchttaireacht Shóisialta* (Miontráchtas MA, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, 1990); Ruaidhrí Ó Béarra, *Dónall Mac Amhlaigh: Beathaisnéis agus Clár Saothair Gaeilge* (Tráchtas MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2001).
- 5 Tarlach Mac Con Midhe, ‘An Deoraíocht i Ré an Idirlín’, *Comhar* (Meán Fómhair 1997), 21.
- 6 Ibid.

An Imirce Éireannach: Léargas na Staire

Rugadh Maidhcí Ó Gallchóir sa Chorrán, in Acaill, sa bhliain 1904 agus is ann a cailleadh é sa bhliain 1992. Rugadh a bhean chéile, Máire Ní Éalaí, sa bhliain 1909 agus cailleadh sa bhliain 2001 í. Ba lánúin de chuid an fichiú haois iad Maidhcí agus Máire agus léiríonn scéal a mbeatha go leor de stair shóisialta a bpobail dúchais agus de stair go leor pobal eile ar chósta thiar na hÉireann sa ré sin. Bádhdh duine is tríocha a bhí ar bhád athair Mháire taobh le cé Chathair na Mart agus iad ag triall ar Ghlaschú sa bhliain 1894. Agus í ina bean óg, lean Máire lorg a muintire nuair a chuaigh sí ar imirce go Cleveland, áit a raibh pobal líonmhar ó oileán Acla roimpi. Bhí deartháir níos sine léi, Tom, tar éis seal a chaitheamh i gCleveland, ach d'fhill seisean agus chaith sé an chuid eile dá shaol ag obair i Sasana, fad is a d'fhan a bhean is a chlann sa bhaile in Acaill. D'imigh a deirfiúr Cairtriona go Cleveland freisin ach cailleadh bliain ina dhiaidh sin leis an bhfliú í. Fad is a bhí Máire i gCleveland, thosaigh sí ag siúl amach le Seán Ó Gallchóir ó Acaill. Nuair a buaileadh a máthair tinn, d'fhill sí ar an mbaile agus tamall ina dhiaidh sin phós sí deartháir Sheáin, Maidhcí.

Bhí taithí ag Maidhcí Ó Gallchóir ar an imirce freisin. D'imigh a dheartháir, a bhí níos sine ná é, ar imirce go Cleveland sa bhliain 1920 agus é ar a theitheadh ó na Dúchrónaigh. Chuaigh sé sna póilíní, phós sé agus bhí beirt pháistí aige. Tháinig sé abhaile ar saoire sa bhliain 1939 ach níor fhill sé riamh ar Éirinn ina dhiaidh sin. Lean a dheirfiúr Cathy go Cleveland é, ach bhog sí go Detroit ina dhiaidh

sin, áit ar phós sí Meiriceánach de bhunadh Gearmánach. Ceathrar clainne a bhí aici. Chaill sí teagmháil lena muintir agus níor fhill sí riamh ar Éirinn. Chuaigh deirfiúr eile go Cleveland freisin, ach ina dhiaidh sin shocraigh sí i Nua-Eabhrac, phós sí fear ó Chill Mhantáin agus bhí cúigear páistí aici. Tháinig sí ar ais go hÉirinn ar laethanta saoire sa bhliain 1980. Chuaigh deartháir eile ar imirce go Londain. Chuaigh sé ag obair ar na bildeálacha, phós sé, bhí triúr clainne aige agus fuair sé bás i Sasana. Chuaigh Maidhcí é féin go Sasana sna tríochaidí agus rinne obair shéasúrach i Lancashire sular fhill sé ar Acaill le slí bheatha a bhaint amach dó féin mar iascaire. Chaith sé roinnt blianta i Sasana arís ag tús na seascaidí.¹

Is feiniméan aonair agus feiniméan pobail í an imirce. Is rud thar a bheith pearsanta agus rud iontach poiblí ag an am céanna í. Is scéal ar leith, scéal sainiúil, gach uile scéal imirce, ach is scéal comónta freisin é, eispéreas a roinntear le han-chuid daoine eile. Tá sí áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar go nascann sí scéalta ceantar ar leith sa tír leis an mórscéal náisiúnta, agus scéal an óstphobail le scéal na ndaoine a chuireann fúthu ina measc. Tá an imirce náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bhealach eile freisin. Cé gur eascair taithí saoil na n-imirceoirí ó Acaill, ó Chonamara, ó Chiarraí agus ó Dhún na nGall as cúinsí eacnamaíocha agus sóisialta ar leith, tá go leor i gcoitinne acu le himirceoirí ó áiteanna eile san Eoraip. Is é an dúshlán is mó don staraí ná na bunchúiseanna atá taobh thiar den imirce a aimsiú agus a iniúchadh, agus ag an am céanna an t-aitheantas cuí a thabhairt don iliomad scéalta pearsanta atá ar chúl an mhórscéil phobail.

Cuireann an réamhaiste staire seo roimhe léargas a thabhairt ar scéal na himirce Éireannaí sa tréimhse atá i gceist sa chnuasach seo, agus ar an gcaoi sin comhthéacs a sholáthar do na cuntais luachmhara atá le fáil i gcorp an leabhair. Díreofar go háirithe ar an tréimhse idir an Gorta agus seascaidí an fichiú haois, agus ar na fórsaí eacnamaíocha, sóisialta, déimeagrafacha agus polaitiúla ba mhó a mhúnlaigh scéal na himirce sa tréimhse sin. Féachfar leis na buncheisteanna a bhaineann le scála agus le cineál na himirce a fhreagairt. Cé a d'imigh? Cad iad na réigiúin is mó as ar imigh siad? Cén uair a d'imigh siad agus cén fáth ar imigh siad? Cá raibh a dtriall? Díreofar ar thábhacht ceisteanna aicme agus inscne, agus ar

an éifeacht a bhí ag an imirce, agus ag an aisimirce, ar shaol na tíre. Cuirfidh an aiste scéal imirce na Gaeltachta, arb é is mó a insítear i litríocht Ghaeilge na himirce, i gcomhthéacs scéal na himirce Éireannaí i gcoitinne.



Bhí Éireannaigh ag dul ar imirce i bhfad roimh aimsir an Ghorta Mhóir, ach bhí an imirce sin ag tarlú i gcomhthéacsanna ina raibh an daonra i gcoitinne sa tír ag méadú. Ba é an rud ba shuaithinsí faoin imirce leanúnach sna blianta tar éis an Ghorta ná gur ag titim a bhí daonra na tíre ag an am agus gurbh í an imirce féin ba phríomhchúis leis an titim sin.² Bhí Éire neamhghnách ar an gcaoi sin mar, cé go raibh imirce shuntasach ag tarlú ag an am ó thíortha Eorpacha eile mar an Ghréig, an Iodáil, an Spáinn agus an Phortaingéil, ní raibh sí ar scála chomh hard, agus bhí sí ag tarlú i ngach uile chás i gcomhthéacs daonra a bhí ag méadú. Is é an gaol seo, idir titim sa daonra agus an imirce, an ghné is suaithinsí ar fad de scéal na himirce as Éirinn.

Chuir tubaiste na 1840idí deireadh tobann leis an bhfás i ndaonra na hÉireann a bhí ag tarlú sa tréimhse roimh an nGorta. Idir 1841 agus 1861 tháinig laghdú de 2.4 milliún ar dhaonra na tíre. Bhí an laghdú níos moille ina dhiaidh sin, ach bhí sé leanúnach, le roinnt mórthréimhsí titime, mar shampla sna 1880idí. Lean an imirce ar aghaidh ina dhiaidh sin, in ainneoin mórchlaochluithe sóisialta agus polaitiúla, ina measc turnamh chóras na dtiarnaí talún agus teacht an fhéinrialtais. Faoin mbliain 1961, bhí an daonra tar éis titim go dtí 4.2 milliún, titim de cheithre mhilliún ón tréimhse ard-daonra roimh an nGorta nuair a bhí tuairim is 8.2 milliún duine sa tír. Trí shé chontae Thuaisceart Éireann a chur san áireamh sna figiúirí seo, ceiltar titim a bhí níos mó fós sa chuid eile den tír. Idir na blianta 1841 agus 1901, thit daonra na gcontaetha sin, ach níor thit sí chomh mór sin is a thit an daonra sa deisceart. Idir 1901 agus 1971, tháinig méadú beag, go fiú, ar dhaonra na sé chontae.

Bliain	Iomlán (mílte)	% méadú/laghdú
1841	8,175	
1851	6,552	-19.9%
1861	5,799	-11.5%
1871	5,412	-6.7%
1881	5,175	-4.4%
1891	4,705	-9.1%
1901	4,459	-5.2%
1911	4,390	-1.5%
1926	4,229	-3.7%
1936	4,248	+0.5%
1946	4,289	+1.0%
1951	4,332	+1.0%
1961	4,245	-2.0%
1971	4,506	+6.1%

Daonra na hÉireann 1841–1971³

Léiríonn scéal éagsúil na himirce i dTuaisceart Éireann nach féidir glacadh leis gurbh ionann scéal na himirce ó réigiún go réigiún ná ó thréimhse go tréimhse. Thit an daonra i ngach uile réigiún sa tír seachas Contae Bhaile Átha Cliath sa tréimhse díreach i ndiaidh an Ghorta, ach bhí an titim níos measa i gCúige Mumhan, i gCúige Chonnacht agus i gcontaetha iartharacha Chúige Uladh. Sa tréimhse díreach roimh an nGorta bhí daonra na gcúigí i gcomhréir, tríd is tríd, lena méid. Ba é Cúige Mumhan an cúige ba líonmhaire daoine, le daonra de 2.4 milliún, 37% de dhaonra na sé chontae is fiche, i gcomparáid le breis bheag agus 30% i gCúige Laighean. Faoin mbliain 1881, bhí daonra Chúige Laighean níos mó ná daonra na Mumhan, áit a raibh ráta an-ard eisimirce faoin am sin. Faoi thús an fichiú haois, shocraigh daonra na Mumhan ag beagáinín faoi bhun an mhilliúin agus d’fhan sé mar sin don chuid is mó den aois sin. Lean rátaí arda imirce ar aghaidh i gCúige Chonnacht agus i gcontaetha na Poblachta de Chúige Uladh (Dún na nGall, an Cábhán agus Muineachán) go dtí go luath sna 1970idí. Faoi thús na 1980idí, bhí daonra Chonnacht agus Uladh tite go dtí níos lú ná 20% de dhaonra na Poblachta, i gcomparáid leis an 33% a bhí ann aimsir an Ghorta.⁴